

❖ An Lúibín ❖

18 Nollaig 2009

Lámhscríbhinní

Two manuscripts of Australian provenance on the Net.

Tá lámhscríbhinn Astrálach den seanscéal *Brisleach Mhór Mhuighe Muirtheimhne* le fáil anois ag <http://www.isos.dias.ie/> (féach *Australia*). Sa 19ú haois a scríobhadh í, agus baineann sí le bailiúchán Niocláis Uí Dhomhnaill in Ollscoil Melbourne. Ó lámh Pheadair agus Sheosaimh Uí Longáin, scríobhaithe de chuid Chontae Chorcaí, a tháinig sí, agus tá sí go deas soléite, cé gur gá duit tairní a bheith agat ar an aibítir Ghaelach.

Tá nótaí le Pádraig Ó Macháin ag baint léi ar an suíomh, agus is maith is fiú iad a léamh. Tá cóip nua-aimseartha den *Táin* ón mbailiúchán céanna le fáil ar an suíomh chomh maith.



Geilleagar na Gaeilge

Galway earns millions through the Irish language, but behind it all is the munificence of the State.

D'fhoilsigh *Gaillimh le Gaeilge* staidéar ar 27/11/09, agus pota óir ag baint leis. Deir sé gur fiú breis is €136 milliún an Ghaeilge do gheilleagar Chathair agus Chontae na Gaillimhe in aghaidh na bliana; tá breis is 5,000 post ag brath uirthi. Is é tuairim an Aire go dtagann €40 milliún isteach ón turasóireacht gach bliain de bharr na Gaeilge, agus cuireann na Coláistí Samhraidh €14 mhilliún leis sin. Dúirt sé freisin go gcuireann gnólachtaí closamhairc €24.3 milliún de bhreisluach leis an GNP gach bliain. (Tá teacht ar an tuairisc ag www.gleg.ie.)

Deir an staidéar go gcaitheann teaghlaigh agus gnólachtaí Gaeltachta os cionn €700 milliún ar earraí agus ar sheirbhísí i gCathair na Gaillimhe. Tá tábhacht freisin le TG4, agus timpeall €23 milliún caite acu i nGaeltacht na Gaillimhe sa bhliain 2007.

De réir Dhaonáireamh 2006, cainteoirí Gaeilge iad 45.9% de dhaonra Chathair na Gaillimhe, sin 31,153 duine. Tá athrú tagtha ar phobal na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe; tá daoine de bhunadh na Gaeltachta fós ann mar a bhí riamh, ach tá a lán Gaeilgeoirí ann – mic léinn agus eile – nach bhfuil baint ar bith acu le ceantair na Gaeilge.

Go fiú sa bhliain 1988 thaispeáin staidéar gur mhór an sochar do na siopadóirí é an t-airgead a chaith an Stát ar an nGaeilge, agus is léir arís an méid sin ón staidéar nua. Chaith an Rialtas os cionn €116 milliún sa cheantar sa bhliain 2007 i ngeall ar an nGaeilge. Sin an fhadhb, ar shlí: ar éigean atá de bhunús nó de thaca ag geilleagar na Gaeilge sa chathair ach pingíní rialtais, rud is léir ó fhigiúirí na bliana 2007. Admhaítear, mar shampla, go bhfuil tábhacht ar leith leis an Roinn, ós rud é go bhfuil ceanncheathrú na rannóige a bhíonn ag plé leis an nGaeilge agus leis an nGaeltacht sna Forbacha. Tá 50 duine le fáil sna hoifigí úd, agus tuairim is trí dhuine dhéag eile i gceantair eile.

Ní ón nGaeilge féin a thagann an sochar as chás seo ach ón iarracht a dhéanann an Stáit ar an teanga a threisiú, iarracht a bhfuil ag teip uirthi sa Ghaeltacht. Níl i scéal na Gaillimhe ach sampla de rud atá le fáil ar fud na hÉireann – an Ghaeilge ina shúmaire agus an Stát ag tál uirthi. Tá postanna ann dá

bharr agus ní dona an rud é sin; ach ní mór pobal a chruthú atá in ann gnó a dhéanamh i nGaeilge, beag beann ar fhéile an Stáit. Ansin beidh geilleagar Gaeilge ann ar fiú trácht a dhéanamh air.



Scéala

After a period with no newspapers in Irish, one has been reborn and another is on the way. The question remains: can two survive.

Ní rabhamar gan scéala agus tuairimíocht i nGaeilge ar fad is a bhí nuachtáin Ghaeilge ar iarraidh, mar a bhí go dtí le déanaí; bhí blaganna ann agus cláir dhíospóireachta, agus an iriseoir Eoghan Ó Néill dár gcoinneáil ar an eolas trína shuíomh Nuacht 24.¹ Ach ba léir go raibh rud eile ag teastáil freisin – tuairiscíocht a raibh meáchan foirne le haithint uirthi. Tá an méid sin againn anois – leagan nua de *Foinse* agus, ina theannta sin, nuachtán eile, *Gaelscéal*, atá le bunú as an nua.

Ní deacair aontú le hatheagarthóir *Foinse*, Breandán Delap, nuair a deir sé go mbraithfeá uait nuachtán Gaeilge agus díospóireacht ar siúl ag na nuachtáin Bhéarla faoi chostas aistriúcháin agus faoi chearta bunreachtúla na Gaeilge, gan trácht ar thuairisc bháis a dhéanamh ar dhaoine mór le rá i saol na Gaeilge – aisteoirí, scríbhneoirí agus eile.²

Tá *Foinse* le feiceáil cheana, agus dealramh níos éadroime uirthi, más fíor. Rinne sí margadh leis an diabhal, agus í á scaipeadh mar chuid den Irish Independent, nuachtán ar gnách leis tionscadail Ghaeilge a ionsaí go binbeach. Mar a deir Delap: ‘Trí sprioc a bheas ag an *Independent* leis an chomhpháirtíocht seo: cur le líon a gcuid léitheoirí, cur lena n-ioncam fógraíochta agus glúin úr léitheoirí a mhealladh tríd an leas a bhainfead as *Foinse* i scoileanna na tíre’.

Tá ceist eile á plé: conas is féidir le dhá nuachtán Gaeilge a mhaireachtáil i margadh cúng. Gheobhaidh *Gaelscéal* deontas ó Fhoras na Gaeilge – an chabhair is gaire don doras – ach ní hé sin an rud is tábhachtaí. Delap arís:

Is ar fhógraíocht a mhaireann nó a éagann nuachtán Gaeilge. Thig a bheith cinnte de mar sin go mbeidh iomaíocht fhíochmhar ann idir an dá nuachtán úra do líon teoranta fógraí. Beidh buntáiste áirithe ag *Foinse* sa chath seo sa mhéid go mbeidh siad ábalta a mhaíomh go bhfuil breis is 152,000 cóip den nuachtán á scaipeadh leis an *Irish Independent* le hais an chúpla míle cóip a bheas *Gaelscéal* ag díol. Anuas ar sin, beidh ionann is trí mhí de bhuntáiste acu sula bhfoilseofar an nuachtán úr.

Focail iad seo a bhfuil ciall leo. Is mór an spéis atá againn i ndeireadh an scéil seo.



Scoileanna Gàidhlig

Gaelic-medium schools in Scotland are dying in the Isles and finding a future elsewhere.

Tá borradh an-mhall faoin ngaelscolaíocht i gcathracha móra na hAlban, ach tá na scoileanna ag dúnadh in Inse Gall. Tá líon na bpáistí ag dul i laghad ann, agus sna háiteanna a mbíodh fiche bunscoil ní bhfaighfeá ach aon bhunscoil amháin anois. Tá an scéal go dona in Uist, sna Hearadh agus ina lán oileán eile. D’imigh na daoine agus níor tháinig ar ais, agus ní gan chúis é: tháinig meath ar an iascach agus ar an bhfíodóireacht, agus níor tháinig aon obair eile ina n-ionad. Idir an dá linn tá an

¹ <http://andrumamornuacht.blogspot.com/>

² Féach *Beo*, Eagrán 104, Nollaig 2009: www.beo.ie.

pobal ag dul in aois; ní bheidh ann i gceann fiche bliain ach 22,500 duine, agus cúig bliana is trí fichid sáraithe ag an trídú cuid díobh. Na seanóirí ag cuimhneamh ar an óige, agus na scoileanna ina dtost.

Mar sin féin, tá an rialtas ag caitheamh airgid dólámhach chun múineadh na teanga a neartú. Tá £21.7 milliún le caitheamh sna blianta 2010-11, agus £2.15 milliún le cur isteach i gCiste na Scoileanna Gàidhlig. Tá breis pá á tairiscint do mhúinteoirí nua le Gàidhlig chun iad a mealladh chun meánscoileanna na nGarbhchríoch.

I nDún Éidean caitear timpeall £500,000 in aghaidh na bliana ar mhúineadh na Gaeilge le haghaidh 130 dalta, caoga leanbh i náischoileanna, agus 300 dalta eile a bhíonn ag foghlaim roinnt Gàidhlig uair sa tseachtain. Tá méadú beag ag teacht ar líon na ndaltaí le Gàidhlig sna meánscoileanna, ach is mór an bac é a laghad sin múinteoirí líofa a bheith ann.

Ar éigean atá 58,000 cainteoir Gàidhlig in Albain faoi láthair, agus níl lucht cáinte na teanga ina dtost, iad á rá go bhfuil airgead á chur sa dul amú. B'fhéidir gurb í an difríocht is mó atá idir gaelscolaíocht na hÉireann agus gaelscolaíocht na hAlban ná go bhfuil scoileanna úd na hAlban ag brath chomh mór sin ar an Stát. Ní mór an fhadhb í má tá na polaiteoirí i bhfabhar na teanga, ach d'fhéadfadh a mhalairt de scéal a bheith ann. Áitítear mar a leanas maidir leis an dúil úd i dtacaíocht an Stáit:

Tá an chontúirt a leanann an dearcadh seo le tuiscint as diúltú Chomhairle Chathrach Dhún Éidean sa bhliain 1999 scoil lán-Ghàidhlig a oscailt d'ainneoin thacaíocht láidir na dtuismitheoirí, agus as na moltaí rialta a dhéanann údarais áitiúla maoiniú Gàidhlig a chealú ar chúiseanna airgeadais, moltaí nach foláir mórán ama a chaitheamh le cur ina gcoinne agus é a dhéanamh le stró. Toisc go bhfuil dúil chomh mór sin i gcabhair an rialtais tá claonadh ag daoine chun glacadh go humhal le diúltú don Ghàidhlig seachas a n-iomaire féin a threabhadh beag beann ar stiúradh an Stáit.³



An Straitéis 20 Bliain

The Irish government has a strategy for the promotion of Irish, revealed in a paper full of good intentions, old assumptions and doubtful grammar.

Tá ladar an stáit sáite fós i mias na Gaeilge in Éirinn, agus beidh go deo. Rud é a bhaineann leis an idé-eolaíocht a bhí fite fuaite i náisiúnachas na seanfhundúirí, cé gur beag an bhaint a bhí aici le staid na teanga mar a bhí sé ag an am. Riamh ó shin chloisfeá daoine á ghearán nach raibh an stát 'dáiríre,' gearán nach raibh gan bhunús go dtí seo. Dealraíonn sé nach easpa dáiríreachta atá i gceist na laethanta seo - Aire ró-dhíograiseach, rialtas atá sásta tacú leis agus airgead á spré. As seo a tháinig an Straitéis 20 Bliain, agus aidhmeanna móra aici: cur leis an méid teaghlach a úsáideann an Ghaeilge gach lá, tacaíocht teanga a thabhairt don Ghaeltacht, a chinntiú (chomh fada agus is féidir) go mbeidh úsáid na Gaeilge mar rogha ag an bpobal, agus féachaint chuige go mbeidh an Ghaeilge 'níos infheicthe' feasta. Aidhmeanna inmholta, cé go bhfuil le tuiscint as an straitéis go bhfuil an dé fós sa Ghaeltacht oifigiúil, rud nach bhfuil ag cur leis an bhfianaise. Aithnítear, dála an scéil, gur mór an buntáiste é Béarla a bheith agat; deirtear gur pobal dátheangach atá ag teastáil anois.

Tá cuspóirí ann chomh maith le haidhmeanna: an pobal a bheith in ann plé leis an Stát agus le dreamanna eile i nGaeilge; leanúint den Ghaeilge éigeantach (ach le héifeacht an uair seo); oideachas lán-Ghaeilge a chothú agus a neartú; aird a thabhairt ar chúrsaí craolacháin; an Ghaeilge a chun cinn san Aontas Eorpach. Agus seo: 'Tá béim faoi leith curtha ar thacaíocht a thabhairt do mhúineadh na Gaeilge i gcoláistí trídú leibhéal i roinnt tíortha éagsúla'.

³ 'Gaelic in the New Scotland: Politics, Rhetoric and Public Discourse,' Wilson McLeod, <http://www.ecmi.de/jemie/download/JEMIE02MacLeod28-11-01.pdf>

Ós straitéis í, tá céimeanna ann. Céim 1 (2010): daoine a chur ar an eolas. Céim 2 (2011-12): féachaint chuige go mbeidh múinteoirí cáilithe ar fáil. Céim 3 (2013-25): na bearta a chur i bhfeidhm agus leanúint den mheasúnú. Maidir le Céim II, tá rún ag an rialtas páirt-tumoideachas i nGaeilge a chur ar fáil do gach leanbh, cuspóir a bhainfear amach de réir a chéile.

Aithnítear (mór an t-iontas) nach féidir faic a dhéanamh gan mhúinteoirí a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu. Áiteofar ar Choláistí Oideachais dul ar thóir mic léinn a bhfuil an teanga go maith acu, agus coinneofar suas le 20% de na háiteanna sna Coláistí in áirithe do mhic léinn a fuair a gcuid oideachais trí Ghaeilge. Tá cláir iarchéime Ghaeilge le cur ar bun le haghaidh múinteoirí sna bunscoileanna agus sna meánscoileanna.

Tugtar aird ar mhúineadh na Gaeilge in institiúidí tríú leibhéal thar lear. Tá Ciste curtha ar bun chuige, agus déanann an tuairisc tagairt dá bhfuil de mhic léinn thar lear a fhreastlaíonn ar chúrsaí Gaeilge in Éirinn.

Tá deireadh le hÚdarás na Gaeltachta. Údarás na Gaeilge atá anois ann, agus é i bhfeighil na tíre uile. Beidh, áfach, Coiste Comhairle Gaeltachta ann, agus déanfar plean teanga a ullmhú do gach ceantar Gaeltachta.

Deirtear go bhfuil treoir ag teastáil ó thuismitheoirí arb áil leo a gclann a thógáil leis an dá theanga, agus luítear go trom ar a thábhachtaí atá an teaghlach maidir le teanga a chur chun cinn.

Scéal nua: admhaítear go hoifigiúil go bhfuil an-tábhacht le pobail chathrach a úsáideann Gaeilge, go háirithe i mBaile Átha Cliath agus a abhantracht. Tabharfar iarracht ar chur leis an líon daoine a labhraíonn Gaeilge ann agus ar fhaill a thabhairt dóibh ar í a labhairt go nádúrtha.

Deirtear gur gá cion níos mó d'fhoireann na seirbhíse poiblí a chur ag labhairt Gaeilge agus oiliúint a sholáthar chuige.

Aithnítear go bhfuil an-tábhacht leis an 'earnáil deonach' maidir le hobair na Gaeilge, agus gur cheart tacaíocht a thabhairt dóibh.

Iarrfaidh an Rialtas go gcuirfead an Ghaeilge san áireamh i ngach clár TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide) a dhéanfaidh an tAE. Rachaidh sé i gcomhar le mórsholáthróirí TF le meáin Ghaeilge a dháileadh, agus tabharfar aird ar logánú agus ar fheidhmiúcháin foinsí oscailte, ar mhálartú idiréadan, ar bhogearraí glao-ionad agus a lán eile.

Tabharfar iarracht ar ghnó trí Ghaeilge a ghríosú le cláir oiliúna cothaithe gnó, le comhairle faoi mhargú agus mar sin de, agus trí chuidiú le gnólachtaí seirbhísí a sholáthar don Stát agus don AE.

Deirtear gur cóir na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach: an líon daoine a labhraíonn Gaeilge gach lá lasmuigh den chóras oideachais a ardú ó 83,000 go 250,000, agus borradh a chur faoin nGaeltacht.

Déantar talamh slán de go bhfuil dlúthbhaint ag an Stát le cur chun cinn na teanga, d'ainneoin a bhfuil de phraiseach déanta cheana de mhúineadh na Gaeilge sna scoileanna lán-Bhéarla agus de chothú na Gaeltachta. Aithnítear, ar a laghad, nach féidir faic a dhéanamh gan mhúinteoirí a bhfuil máistreacht acu ar an teanga – dream atá tearc go leor faoi láthair. Aithnítear go bhfuil tábhacht ar leith le Gaeilgeoirí cathrach – dream arb iad a gclann na cainteoirí dúchais nua. Aithnítear gur fiú uirlis shnasta teicneolaíochta a dhéanamh den teanga. Aithnítear gur fiú múineadh na Gaeilge a chur chun cinn in institiúidí léinn thar lear. Is léir, áfach, go bhfuil drogall ar an Stát a admháil go bhfuil an Ghaeltacht (sa chiall thraidisiúnta) ar an dé deiridh, agus gur sa Ghaeltacht nua (sa chiall is leithne) a bhláthóidh an teanga feasta. Níltear sásta a admháil nach gá gur iontach an rath a bheadh leis an Stát ag cothú na teanga. Tá an 'straitéis' ann agus slacht uirthi, gach céim níos slachtmhaire ná a chéile: tuar an t-ádh agus tiocfaidh sé. Admhaítear, ar a laghad, nach féidir faic a dhéanamh mura bhfuil toil an phobail leis, ach, déanta na fírinne, beidh dul chun cinn an ghnó ag brath ar scata díograiseoirí fós.

Is trua, mar fhocal scoir, go bhfuil Gaeilge na tuairisce chomh ciotach sin – drochthuar más é treisiú na teanga atá i gceist. Mar a leanas:

Tógfar ar an gcumas níos fearr i nGaeilge a bheidh ag daoine, ar na deiseanna níos leithne a bheidh ann le Gaeilge a úsáid agus ar an spreagadh ar dhearcadh dearfach i leith na Gaeilge a bheidh bainte amach i gcéimeanna roimhe sin.

Is é an bealach agus an t-aon bhealach, a mbainfidh an Ghaeilge áit shóisialta níos sláine amach ná trí fheasacht ghníomhach agus trí dhearcaí dearfacha a bheidh ag iarraidh an chaoi a bhfuil sí á himeallú a athrú thart, chomh maith le níos mó úsáide go neafaiseach a bheith á baint as an teanga do ghnáthchríocha agus do chríocha príomhshrutha cumarsáide.

Ba dheacair an méid sin a shárú mar dhroch-Ghaeilge. Ag seo a mhalairt de leagan, agus brí éigin leis:

Bainfear tairbhe as an bhfeabhas a thioctaidh ar Ghaeilge na ndaoine, as an deis a bheidh ar dhaoine í a úsáid níos forleithne agus as an lé a bheidh ag daoine leis an teanga de bharr a ndearnadh de réir na gcéimeanna roimhe sin.

Níl aon bhealach ann chun an Ghaeilge a chur á húsáid arís i lár an aonaigh ach trí eolas uirthi agus cion uirthi a chothú sa phobal, in éineacht lena húsáid go coitianta i ngnáthchúrsaí an tsaol agus mar ghnáthchaint na cuideachta.

Dia idir sinn agus an tubaiste.



Matha I, 18-28

Is mar seo a tháinig Íosa Críost ar an saol. Nuair a bhí lámh is focal idir a mháthair Muire agus Iósaf, agus sula ndeachaigh sé chuici, fuarthas í agus an leanbh ina broinnón Spiorad Naomh; agus ó b'fhíréanta é a fear céile Iósaf, agus ó bhí leis air a náiriú, bhí rún aige scaradh léi os íseal. Ach fuair sé taispeánt, agus é ar na smaointe sin, d'aingeal ón Tiarna i mbrionglóid, agus é á rá leis, “A Iósaf, a Mhic Dháibhí, ná biodh eagla ort faoi ghlacadh le Muire do bhanchéile, mar an ghin atá gafa aici, is ón Spiorad Naomh í; béarfaidh sise mac, agus tabharfaidh tusa Íosa mar ainm air, ós é a shlánós a phobal óna bpeacaí.” Tharla sin uile ag comhlíonadh a raibh ráite ag an Tiarna ó bhéal an fháidh:

“Féach, óigh a ghabhfas agus a bhéarfas mac, agus gairfear Emanuél de”

(a chiallaíos, go bhfuil Dia linn). Nuair a mhúscail Iósaf óna shuan, rinne mar a d'ordaigh aingeal an Tiarna dó; agus ghlac sé chuige a bhanchéile, gan gabháil chuici go raibh mac aige; agus ba é an t-ainm a thug sé air, Íosa.⁴

Deir an soiscéal go ndearna na fáithe teacht Íosa a réamhinsint: an Solas a shoilsiú.

Dhá rud atá ar siúl sa chuntas: réamhaithris agus cuimhneamh. Cuimhnítear ar an tairngreacht, ar réamhinsint an iontais, tar éis bhreith an linbh; ní féidir an bhreith a thuiscint mura gcuimhnítear ar fhocail na fáistine, focail a fhágann Íosa fite fuaite in uige na staire.

⁴ *Tiomna Nua ár dTiarna agus ár Slánaitheora Íosa Chríost.* An Canónach Oirmh. Coslett Ó Cuinn a d'aistrigh. Cumann Gaelach na hEaglaise i gcomhar leis an Hibernian Bible Society, 1970.

Ní féidir a chuimhneamh ar a bhfuil le teacht agus ar ar insíodh as tairngreacht mura mbeirtear an leanbh. Ón bpointe sin a ghintear an stair úd, siar agus aniar, dhá threo a scarann agus a thagann le chéile arís.

Nollaig faoi shéan agus faoi shonas daoibh agus bliain úr faoi rath.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.